# Gníomhaíochtaí Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí seomra ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil sa scoilbhliain 2020/2021

CC BY NC

# Intreoir

Is sainseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tá sé mar aidhm ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí múinteoirí a spreagadh, a chothú agus a chumhachtú san athrú ó bhonn atá tagtha ar oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn. Is í an tsainfhoireann Teicneolaíochtaí laistigh den SSM, ar a dtugtar JCt4 go coitianta, atá freagrach as ceithre hábhair na dTeicneolaíochtaí sa tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid).

I bhforbairt na hacmhainne seo, tá sé mar aidhm ag foireann JCt4 eispéiris shaibhre foghlama a chruthú chun sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí a chomhlánú, go háirithe sa chomhthéacs níos leithne do scoláirí agus do mhúinteoirí atá ag filleadh ar scoil agus nósanna imeachta COVID-19 i bhfeidhm. Níl le húsáid ar bhealach líneach a dearadh na hacmhainní a cruthaíodh, ach chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oibríonn do scoileanna aonair ina gcomhthéacs aonair. Moltar naisc fhéideartha le hábhair eile agus an fhéidearthacht chun iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair sin i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach ó thús deireadh agus arís eile, iarrtar ar mhúinteoirí na naisc seo a chur in oiriúint agus a iniúchadh chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí agus ar chomhthéacs a scoile féin.



Agus tú ag fiosrú na hacmhainne seo, féadfaidh tú naisc fhéideartha a aithint le hábhair eile agus an deis chun na hábhair seo a fhiosrú i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach. Ar mhiste leat an taithí a bhíonn agat ar na hacmhainní seo a úsáid a chur in iúl dúinn ar na meáin shóisialta trí JCt4ed agus @JCforTeachers .

# Clár


Leathanach 1 Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Leathanach 2 Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Leathanach 3 Cuir chuige foghlama

Leathanach 4 Príomhscileanna

Leathanach 5 Mé Féin a Bhainistiú

Leathanach 6 Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Leathanach 7 Fanacht Folláin

Leathanach 8 Gníomhaíochtaí Ghrafaic

Leathanach 9 Acmhainn 1 *(Bliainghrúpa Molta: An Chéad Bhliain)*

Leathanach 15 Acmhainn 2 *(Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain)*

Leathanach 21 Acmhainn 3 *(Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain)*















***Príomhdhoiciméid atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainn seo***

Cliceáil le haghaidh na ndoiciméad

# Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil agus beidh ar mhúinteoirí a bheith aireach faoi eispéiris foghlama a sholáthar a shásaíonn na riachtanais sin. Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b'fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfear foghlaim nua i láthair. Beidh cur chuige a thógann ar láidreachtaí na scoláirí ríthábhachtach sa chomhthéacs seo. Ina leith sin, seo a leanas roinnt ceisteanna tábhachtacha do scoileanna:




Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14

An ndearna mé machnamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí ó thaobh na foghlama de?

Ar aithin mé bearta éagsúla measúnú foirmitheach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí?

An ndearna muid, mar roinn ábhair, athbhreithniú ar shonraíochtaí ábhar agus ar aimsigh muid torthaí foghlama atá ina dtosaíochtaí don fhilleadh ar scoil?

An bhfuil deiseanna foghlama traschuraclaim aitheanta agus pleanáilte againn i gcomhar le chéile chun a chinntiú go mbeidh oiread torthaí foghlaimeoirí ann agus is féidir?



# Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Beidh cinntí lárnacha á ndéanamh ag múinteoirí, agus iad ag tógáil ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí mar atá leagtha amach thuas, faoina bhfoghlaimíonn scoláirí, an tord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaíagus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Is iad na múinteoirí agus na scoileanna isfearr a dhéanfaidh na cinntí seo agus a chuirfidh breithiúnas gairmiúil agusneamhspleáchas i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim:

An gcuireann mo phleanáil ceachta cinntí comhoibríocha san áireamh faoi theagasc agus foghlaim lena n-áirítear cinntí faoi fhoghlaim riachtanach, seicheamh na foghlama, an luas ag a bhfoghlaimíonn scoláirí agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad?

An bhfuil soláthar sna heispéiris foghlama atá pleanáilte don idirghníomhaíocht shóisialta agus do chomhoibriú idir scoláirí?

An ndéanann na tascanna atá pleanáilte measúnú ar na torthaí foghlama nó ar na cuspóirí a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh thar shraith ceachtanna?

An bhfuil rochtain ag gach scoláire ar na tascanna agus na gníomhaíochtaí foghlama atá pleanáilte, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus breise oideachais acu san áireamh?






**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

# Cuir chuige foghlama

Tá sé ríthábhachtach, ó thús na scoilbhliana, go gcuirtear réimse leathan eispéireas foghlama gníomhaí ar fáil do gach scoláire. Áirítear:




**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

- Tosaíocht a thabhairt do cheachtanna praiticiúla le cur ar chumas scoláirí léiriú a thabhairt ar scileanna agus eolas a forbraíodh i dtréimhse na cianfhoghlama
- Eispéiris foghlama a sholáthar bunaithe ar obair bheirte agus obair ghrúpa a thacaíonn le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht scoláirí i ndéanamh brí; cuideoidh sé seo le torthaí foghlama/cuspóirí a bhaint amach ar fud an churaclaim, go háirithe i réimsí teanga, matamaitice, an ghnó, na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus na healaíona
- Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach sofhreagrach agus nuálach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Ceistiúchán, tascanna agus comhdhálacha scoláirí-múinteoirí; is cuir chuige praiticiúla agus éifeachtacha don mheasúnú iad seo a chabhróidh le réimsí tosaíochta inar gá foghlaim scoláirí a chur chun cinn a aithint.

# Príomhscileanna

I bhfianaise dhúnadh na scoileanna agus na riachtanais sláinte ábhartha, tá a lán scoileanna tar éis bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a ghlacadh cheana féin chun fáiltiú roimh scoláirí na chéad bhliana isteach sa scoil. Má tharla nach raibh deis ag scoláirí na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil mar ghnáthnós agus iad bogadh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a bheith acu, is cóir tosaíocht a thabhairt do phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ar nós Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireachta a Bhainistiú, agus Fanacht Folláin trí chláir ionduchtaithe agus folláine na scoile.




**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 10**

Mé Féin a Bhainistiú

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Fanacht Folláin




# Mé Féin a Bhainistiú

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a chaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Tecineolaíocht dhigiteach a úsaid chun mé fein agus mo chuid foghlama a bhainistiú

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Fanacht Folláin

- A bheith folláin, fisicúil agus gníomhach
- A bheith sóisalta
- A bheith slán
- A bheith spiordálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freadrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Sonraíocht Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí**

Cliceáil anseo do shonraíocht Inneatóireachta na Sraithe Sóisearaí



Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí ranga seo a leanas d'Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí forbairt a dhéanamh ar na Príomhscileanna - Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Tá na múinteoirí san áit is fearr fios leis na gníomhaíochtaí seo a chur in oiriúint chun freastal ar réamhfhoghlaim, comhthéacs áitiúil agus riachtanais a gcuid scoláirí.

Díríonn Sonraíocht na hInnealtóireachta ar thuiscint agus ar scileanna scoláirí a fhorbairt in úsáid agus i dtionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan thart orthu. Is trí bhíthin na dtrí shnáithe comhthéacsúla idirnasctha a bhainfear é sin amach: Próisis agus prionsabail, Feidhm dhearaidh agus Meicitreonaic.

Úsáideann innealtóireacht cur chuige idirdhisciplíneach a spreagann comhtháthú na dtrí shnáithe i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair.

Ba cheart baint amach na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach agus spreagúil.

*- arna curtha in oiriúint ó Shonraíocht Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí, leathanach 9*



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Innealtóireacht



## Acmhainn 1

Fócas: Seisiún tosaigh ar theicneolaíochtaí digiteacha sa seomra Innealtóireachta chun cabhrú le comhoibriú agus na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé féin a bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

Bliainghrúpa Molta: An Chéad Bhliain

# Acmhainn 1

Fócas: Seisiún tosaigh ar theicneolaíochtaí digiteacha sa seomra Innealtóireachta chun cabhrú le comhoibriú agus na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé féin a bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

Bliainghrúpa Molta: An Chéad Bhliain


**Nóta do Mhúinteoirí:**

Dearadh an acmhainn seo a leanas chun teacht le snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama na hInnealtóireachta. San acmhainn seo, faightear moltaí maidir le réimse eispéiris foghlama fhéideartha, a fhorbraítear ar fud na dtrí shnáithe.

Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint a gcuid scoláirí.

Is samplaí iad seo de shnáitheanna agus de ghnéithe a d'fhéadfaí a iniúchadh leis na gníomhaíochtaí san acmhainn seo:

- **Snáitheanna:** Próisis agus Prionsabail, an Dearadh a Chur i bhFeidhm
- **Gnéithe:** Cumarsáid a Dhéanamh, Eolas agus Feasacht Innealtóireachta




Agus cinneadh á dhéanamh agat ar na torthaí foghlama ar féidir leat tabhairt fúthu sna gníomhaíochtaí seo, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta atá tugtha ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe atá ábhartha do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh sin.

## Réamhrá

Is minic a ghintear smaointe agus a réitítear fadhbanna san Innealtóireacht trí bheith ag obair le chéile agus smaointe a roinnt. Nuair a bhíonn taithí ag scoláirí ar na cineálacha cuir chuige chomhoibríocha seo sa seomra ranga, féadfaidh siad na scileanna riachtanacha réitigh fadhbanna a fhorbairt d’fhíorshaol na hInnealtóireachta.







## Cineál na dTascanna

Iarrtar ar scoláirí prótacail shábháilte a fhorbairt laistigh den seomra Innealtóireachta. Trí chloí leis na prótacail sin agus dul i mbun gníomhaíochtaí déantúsaíochta agus dearaidh, is féidir na deiseanna comhoibrithe a fheabhsú. Is féidir cuir chuige foghlama chumaiscthe a úsáid chun cabhrú le cumarsáid agus aiseolas.


# Comhoibriú a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí scoláire

1



### Sláinte agus Sábháilteacht

Iarrtar ar scoláirí roinnt saincheisteanna reatha sláinte agus sábháilteachta **a aithint** sa seomra Innealtóireachta agus nósanna imeachta nua **a fhiosrú** i gcomhair uirlisí láimhe, meaisíní, glanadh agus iompar sa seomra ranga.



### Scileanna Líníochta Oibre

Tuiscint **a fhorbairt** ar líníochtaí oibre **a léirmhíniú.** D'fhéadfadh múinteoirí amharcléiritheoir a úsáid chun roinnt réimsí casta atá le marcáil **a mhíniú** tuilleadh



### Obair Phiaraí/Ghrúpa

Is féidir le scoláirí smaointe **a fhorbairt** le bheith ag obair ina ngrúpaí go sábháilte agus go héifeachtúil. D'fhéadfadh scoláirí a thabhairt isteach ina ngníomhaíocht chun smaointe comhroinnte **a chur in iúl** agus fadhbanna coitianta a réiteach le cur chuige nua.

2



### Forbairt Taighde

Ar mhaithe le taighde, **cruthaigh** cur chuige seomra ranga le ligean do scoláirí aiseolas a thabhairt ina spás foghlama fíorúil agus a gcuid tuairimí deiridh a roinnt ar chlár tobsmaointe. B’fhiú breithniú ar Smaoinigh-Péireáil-Roinn go fíorúil



### An Dearadh a Chur i bhFeidhm

Tosaigh an próiseas dearaidh. **Cruthaigh** samhail nó fréamhshamhail, go fisiciúil nó go digiteach. D'fhéadfadh scoláirí cairtchlár, polaistiréin, cúrchlár nóbogearraí 3T, ar nós [Tinkercad](), a úsáid.



### Monarú agus Bailchríochnú

D'fhéadfadh scoláirí critéir ratha a fhorbairt chun rannphháirtíocht scoláirí a fheabhsú. Le linn an phróisis déantúsaíochta, d'fhéadfaí fócas a chur ar chruinneas, beachtas agus bailchríoch ardchaighdeáin.

3

### Measúnú agus Aiseolas

D'fhéadfadh scoláirí cur i láthair fuaime **a chruthú** chun príomhghnéithe dearaidh na fréamhshamhla **a chur in iúl**, smaointe a roinnt ar ardán digiteach agus aiseolas a thabhairt. D'fhéadfadh an plé seo a bheith faoi stiúir an mhúinteora nó faoi stiúir piaraí.



Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint nó a d'aithin tú a chabhródh leis na Príomhscileanna a bhfuil an acmhainn seo dírithe orthu? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhródh leis na Torthaí Foghlama sin?

❶

# Sláinte agus Sábháilteacht

Is féidir le scoláirí smaoineamh ar phrótacail nua a chruthú d'uirlisí láimhe, meaisíní, grúpobair agus teicneolaíocht dhigiteach chun eispéireas na scoláirí, mar aon lena sláinte agus a sábháilteacht, a fheabhsú sa seomra Innealtóireachta.











*Cad iad na híomhánna a d'fhéadfainn a roghnú chun aird a dhíriú ar roinnt de na prótacail sábháilteachta nua?*
*Cén t-eolas a bhí ag mo chuid scoláirí roimh ré maidir le sláinte agus le sábháilteacht?*
*An bhfuil íomhánna eile riachtanach don tsábháilteacht le huirlisí láimhe agus le meaisíní sa timpeallacht nua foghlama seo?*

*Conas is féidir le scoláirí* a gcuid eolais ar shláinte agus ar shábháilteacht san Innealtóireacht a chur i bhfeidhm i seomraí ranga agus i suíomhanna eile?



**Cur Chuige an Scoláire:** Ag an bpointe seo, d'fhéadfadh scoláirí oibriú ina n-aonar agus ansin a gcuid smaointe a roinnt lena ngrúpa go digiteach chun tús a chur le scileanna comhoibrithe a fhorbairt agus a bheith ag cloí le treoirlínte i dtaobh scaradh fisiciúil.

D'fhéadfadh an múinteoir agus na scoláirí ráiteas sábháilteachta coiteann agus sraith treoirlínte a fhorbairt chun a chinntiú go mbíonn gach duine ag breithniú sláinte agus sábháilteachta agus sprioc shoiléir acu.




Conas is féidir leis an múinteoir cabhrú leis na scoláirí na prótacail a thuiscint agus leanúint orthu á gcleachtadh go rialta?




**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

## ❷ Taighde agus Forbairt


Tugann taighde deis do scoláirí a gcuid ábhair spéise a leanúint, rud éigin nua a fhoghlaim, a scileanna réitigh fadhbanna a fheabhsú agus dúshlán a thabhairt dóibh féin ar bhealaí nua laistigh de do sheomra ranga agus de do phobal scoile.

*Breithnigh ar 'Smaoinigh-Péireáil-Roinn' fíorúil. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ag baint úsáid as seomraí Breakout, PowerPoint / Sleamhnáin Google a roinnt, cruinnithe Zoom, Wakelet, Flipgrid, Popplet, Pear Deck agus tuilleadh*





*Smaoinigh ar féidearthachtaí nua trí '**Mo Threoir Dhearaidh**' a úsáid agus taighde ar siúl sa Seomra Ranga Innealtóireachta.*






*Smaoinigh ar chuir chuige maidir le láithreoireachtaí na scoláirí sa seomra ranga. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ar nós PowerPoint, Cur i láthair ó bhéal, Físeáin, Powtoon, Cláir Tobsmaointe agus eile.*




Le haghaidh cóip iomlán de '**Mo Threoir Dhearaidh**', cliceáil nó scan an cód MF thíos. D'fhéadfadh scoláirí noda breise a fháil ansin dá gcuid smaointeoireachta.

**Cur chuige an Scoláire:** Smaoinigh ar chur chuige 'flipped classroom'. Is cineál d'fhoghlaim chumaiscthe í seo ina gcuirtear inneachar i láthair scoláirí sa bhaile agus ansin bíonn siad ag obair tríd an méid sin ar scoil. Is malairt é sin ar an ngnáthchleachtas ina gcuirtear inneachar nua i láthair ar scoil, agus ansin ina dtugtar obair baile agus tionscadail do scoláirí le déanamh go neamhspleách sa bhaile.

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

Déan cliceáil nó scanadh ar na cóid MF

❸

# Measúnacht agus Aiseolas

Ba cheart measúnú agus ionchais aiseolais, caighdeáin agus critéir ratha a chur in iúl go soiléir do scoláirí. Is rud leanúnach é an measúnú agus cinnteoidh an t-aiseolas rannpháirteachas scoláirí le linn a dtaithí foghlama.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha Measúnachta**

**Cur Chuige an Scoláire**: Smaoinigh ar úsáid a bhaint as Padlet mar bhealach chun aiseolas a thabhairt do scoláirí ar a gclár Padlet ar líne. Mar mhúinteoir, is féidir leat trácht a dhéanamh ar gach scoláire agus aiseolas a thabhairt. Aon uair a aithníonn scoláire aiseolas ar a gclár Padlet, is féidir leo na hathruithe sin a dhéanamh láithreach agus feabhsú dá réir.


padlet

*An dtiocfadh le scoláirí teicnící féinmheasúnaithe a fhorbairt chun tuiscint a fheabhsú agus chun cur le heispéireas an fhoghlaimeora?*



*Ar chuala tú trácht ar Perusall.com? Tugann sé deis do scoláirí aiseolas a chur ar fáil ar dhoiciméad a dhéanann múinteoir nó scoláirí eile a uaslódáil*



*Ní thuigim é! Tá roinnt cuidithe de dhíth orm lena thuiscint.*

*Sílim go dtuigim é ach tá beagán cuidithe de dhíth orm.*

*Tuigim é agus is féidir liom é a thriail i m'aonar.*

*Is modh cumarsáide físiúil don scoláire é an córas soilse tráchta chun a leibhéal tuisceana a chur in iúl don mhúinteoir. D'fhéadfaí an cur chuige sin a chur in oiriúint don seomra Innealtóireachta.*

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

Déan cliceáil nó scanadh ar na cóid MF

# Innealtóireacht

## Acmhainn 2

Fócas: Na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin agus meon Innealtóireachta agus foghlaim chumaisc á gcur san áireamh.



Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain

# Acmhainn 2

## Fócas: Na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin agus meon Innealtóireachta agus foghlaim chumaisc á gcur san áireamh.

## Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain


### Nóta do Mhúinteoirí:

Dearadh an acmhainn seo a leanas chun teacht le snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama na hInnealtóireachta. San acmhainn seo, faightear moltaí maidir le réimse eispéiris foghlama fhéideartha, a fhorbraítear ar fud na dtrí shnáithe.

Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí.  Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint a gcuid scoláirí.

Is samplaí iad seo de shnáitheanna agus de ghnéithe a d'fhéadfaí a iniúchadh leis na gníomhaíochtaí san acmhainn seo:


- **Snáitheanna:** Próisis agus Prionsabail, an Dearadh a Chur i bhFeidhm, agus an Mheicitreonaic.
- **Gnéithe:** Cumarsáid, Nuáil agus Fiosrú, Forbairt agus Déantúsaíocht, Eolas agus Feasacht ar an Innealtóireacht




Agus cinneadh á dhéanamh agat ar na torthaí foghlama ar féidir leat tabhairt fúthu sna gníomhaíochtaí seo, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta atá tugtha ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe atá ábhartha do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh sin.

## Réamhrá

De réir mar a bhogann scoláirí ón gcéad bhliain go dtí an dara bliain, tá athrú tagtha ar an seomra ranga a bhfuil taithí acu air. Leanfaidh scoláirí ar aghaidh ag foghlaim na scileanna trí dhul i ngleic leis an tsonraíocht ach beidh orthu teacht isteach ar an bhfoghlaim ina mbaintear úsáid as réimse níos leithne cuir chuige chun na scileanna a bheith acu atá riachtanach le bheith in ann foghlaim ón mbaile.





## Cineál na dTascanna


Déanann na scoláirí tionscadal ó líníocht oibre agus uirlisí binse in úsáid acu. D'fhéadfadh córas Meicitreonaice a bheith de dhíth don tionscadal. Féadfaidh na scoláirí anailís a dhéanamh ar na hábhair agus ar na próisis a thiocfadh leo a úsáid chun an tionscadal a mhonarú agus an córas meicitreonaice a dhearadh. Is féidir roghanna malartacha ábhair don tionscadal a fhiosrú. Foghlaimíonn na scoláirí conas líníochtaí a chruthú agus conas pleanáil do na scileanna a theastaíonn chun an tomhsaire nó an rianaire dromchla a úsáid amach anseo.










## Gníomhaíochtaí Féideartha Mac Léinn



**Sláinte agus Sábháilteacht**
Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht na cásanna ceardlainne réamh-agus iar-COVID.



**Marcáil Amach**
Deán anailís ar líníocht oibre agus déan pleanáil ar an seicheamh céimeanna is gá chun tionscadal a mharcáil. Marcáil amach an tionscadal go cruinn ar mhiotal leatháin ó líníocht oibre ag úsáid uirlisí binse.



1 **Déantúsaíocht le Plaistigh**
Smaoinigh ar na himpleachtaí dearaidh agus déantúsaíochta chun an tionscadal a dhéanamh ó bhileog aicrileach

2 **Líníochtaí a Léirmhíniú**
Déan meastóireacht ar líníocht ortagrafach de thionscadal. D'fhéadfadh na scoláirí forbairt de réir toisí agus/nó radharc pictiúrtha de chomhpháirt(eanna) aonair an tionscadail a chruthú ag baint úsáid as bogearraí líníochta gréasánbhunaithe. Déan toisí na gcodanna mar ullmhúchán don mharcáil amach le tomhsaire dromchla.





3 **An Mheicitreonaic**
Dear, tástáil agus cuir i láthair córas Meicitreonaice ag úsáid teicneolaíocht ghréasánbhunaithe.



**Déantúsaíocht le Miotail**
Mínigh na buntáistí a bhaineann le tionscadal a mhonarú ó mhiotal leatháin

Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint nó a d'aithin tú a chabhródh leis na Príomhscileanna a bhfuil an acmhainn seo dírithe orthu? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhródh leis na Torthaí Foghlama sin?

1 Thiocfadh le scoláirí breithniú agus machnamh a dhéanamh ar dhearadh tionscadail a d'fhéadfadh a bheith á mhonarú acu faoi láthair. Déanann na scoláirí athmheas ar na himpleachtaí a bhaineann le hábhar malartach a roghnú chun níos mó a fhoghlaim faoi airíonna an ábhair agus faoi phróisis ghaolmhara.



**D'fhéadfaí Ceisteanna Taighde a fhorbairt ar:**

- Airíonna ábhair
- Próisis mhalartacha
- Seicheamh déantúsaíochta a phleanáil
- Am is gá don mhonarú
- Foirm agus aeistéitic
- Níl an liosta seo uileghabhálach

**Straitéis fhéideartha:**

Torthaí ó thaighde a chur i meabhairmhapa ar bhonn comhoibríoch ag baint úsáid as Coggle , Padlet nó PowerPoint ar líne





Acmhainní féideartha don chianfhoghlaim:

•'Físeáin de scoláirí sinsearacha agus iad ag úsáid trealamh gaolmhar nó taispeántas ó mhúinteoir

• Agallamh le scoláire sinsearach a leagann amach conas agus cén fáth ar mhodhnaigh siad a rogha ábhar

• Rochtain ar íomhánna digiteacha d'uirlisí agus d'innealra a bhaineann leis an seomra ranga

• Acmhainní le haghaidh na cianfhoghlama ar fáil ag: https://www.pdst.ie/DistanceLearning








**Nóta do Mhúinteoirí:**

Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

2 Is minic a fhoghlaimíonn scoláirí conas líníochtaí oibre a léamh trí dhul i mbun gníomhaíocht mharcála agus déantúsaíochta. Is féidir pacáistí líníochta saor in aisce gréasánbhunaithe a úsáid chun cuidiú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar líníochtaí toisithe; agus chun cur leis an eolais, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna atá acu go mbeidh siad in ann comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh ar bhonn digiteach san Innealtóireacht.

## Comhtháthú scileanna grafacha san Innealtóireacht



Trí úsáid a bhaint as uirlisí gréasánbhunaithe sa rang, nó leis an bhfoghlaim ón mbaile, is féidir le hidirghníomhaíocht bheo a bheith ann idir scoláirí agus múinteoirí agus comhoibriú idir scoláirí.

Bheadh deiseanna ag scoláirí a gcumas chun líníochtaí a léiriú a fhorbairt chomh maith lena scileanna marcála trí:

- Líníocht phictiúrtha agus/nó forbairt a chruthú ó léiriú ortagrafach de chomhpháirt(eanna)
- Smaoinigh ar na codanna a thoisiú tríd an dearbhthoisiú de réir mar is gá agus tomhsaire dromchla in úsáid
- Na líníochtaí a chur in iúl trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ar nós PowerPoint Online nó Tinkercad
- Piaraí ag measúnú a gcuid oibre ag úsáid spásanna digiteacha comhoibríocha


Déan cliceáil nó scanadh ar na cóid MF

Rochtain ar Sheimineár Gréasáin Grafaice na Sraithe Sóisearaí - Gníomhaíochtaí Foghlaim Dhigiteach


**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

## 3 Is snáithe iomlán í an Mheicitreonaic in Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí agus múintear í ar dhóigh chomhtháite leis na snáitheanna eile, Próisis agus Prionsabail agus an Dearadh a Chur i bhFeidhm. Tá straitéisí agus acmhainní ar fáil chun eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a fhorbairt sa Mheicitreonaic.





- D'fhéadfadh scoláirí réitigh fhéideartha Mheicitreonaice a iniúchadh agus a dhearadh dá dtionscadail.
- Is féidir é sin a dhéanamh sa seomra Innealtóireachta nó nuair a bhítear ag foghlaim ón mbaile
- Chomh maith le bheith ina phacáiste líníochta gréasánbhunaithe, is féidir Tinkercad a úsáid chun ciorcaid leictreonacha a dhearadh, a thógáil agus a thástáil
- Tá insamhlóir ag an micri-mhír Makecode Editor chun roinnt dearaí cód a thástáil sula n-íoslódáiltear iad
- Is féidir le scoláirí seatanna scáileáin dá gcuid réiteach a ghlacadh má bhíonn siad ag foghlaim ón mbaile agus féadfaidh siad a gcuid réitigh a chur i gcomparáid agus a phiarmheasúnú trí ardáin dhigiteacha ar líne




Déan cliceáil nó scanadh ar na cóid MF

Cód MF: Grafaic na Sraithe Sóisearaí Seimineár Gréasáin - Gníomhaíochtaí Foghlaim Dhigiteach

Cód MF: Meicitreonaic Roghnach na Sraithe Sóisearaí – Seisiún tosaigh ar Bhogearraí Rialúcháin don Mheicitreonaic

Cód MF: Bogearraí Rialúcháin Roghnach na Sraithe Sóisearaí - Réiteach Fadhbanna trí Chódú, Rialúchán Feidhmeach agus an Mheicitreonaic

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

# Innealtóireacht

## Acmhainn 3



Fócas: An fhoghlaim roimhe seo ó lasmuigh den seomra ranga a nascadh le coinbhinsiúin agus le cleachtais an tseomra Innealtóireachta agus forbairt a dhéanamh ar na Príomhscileanna a bhaineann le Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

An Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain

**Acmhainn 3**

Fócas: An fhoghlaim roimhe seo ó lasmuigh den seomra ranga a nascadh le coinbhinsiúin agus le cleachtais an tseomra Innealtóireachta agus forbairt a dhéanamh ar na Príomhscileanna a bhaineann le Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

An Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain


**Nóta do Mhúinteoirí:**

Dearadh an acmhainn seo a leanas chun teacht le snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama na hInnealtóireachta. San acmhainn seo, faightear moltaí maidir le réimse eispéiris foghlama fhéideartha, a fhorbraítear ar fud na dtrí shnáithe.

Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí.  Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint a gcuid scoláirí.

Is samplaí iad seo de shnáitheanna agus de ghnéithe a d'fhéadfaí a iniúchadh leis na gníomhaíochtaí san acmhainn seo:

- **Snáitheanna:** Próisis agus Prionsabail, an Dearadh a Chur i bhFeidhm
- **Gnéithe:** Cumarsáid, Eolas agus Feasacht ar an Innealtóireacht, Nuáil agus Fiosrú




Agus cinneadh á dhéanamh agat ar na torthaí foghlama ar féidir leat tabhairt fúthu sna gníomhaíochtaí seo, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta atá tugtha ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe atá ábhartha do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh sin.

## Réamhrá

Le míonna beaga anuas, tá siopaí DFÉ agus caithimh aimsire tar éis díolacháin ollmhóra a dheanamh i dtrealamh agus i samhlacha feabhsúchán baile. D'fhéadfadh rud éigin a bheith déanta agat féin, do theaghlach nó do chomharsana nó b'fhéidir gur shocraigh tú rud éigin timpeall an tí.

## Cineál na dTascanna

Tá sé de chúram ar scoláirí taighde príomhúil agus tánaisteach a dhéanamh i réimsí éagsúla ar nós airíonna ábhair, bunús ábhair, roghnú ábhair srl. Ag baint úsáid as an eolas seo beidh ort é a chur i bhfeidhm trí sceitseáil agus/nó tionscadal a chruthú.




Cliceáil le haghaidh Treoir Dhearaidh







## Gníomhaíochtaí Féideartha Mac Léinn

1



Déan agallamh le comharsa / ball teaghlaigh faoin tionscadal a rinneadh: próisis / ábhair a úsáideadh srl.



Taighde Idirlín faoi na hábhair a úsáideadh agus cén áit as ar tháinig siad nó conas a rinneadh iad



Bailigh fianaise ghrianghrafadóireacht ar dhul chun cinn do thionscadail ag gach céim. Taighde, dearadh etc.




Athraigh dearadh an tionscadail ionas gur fearr a d'oibreodh sé dá ndéanfaí arís é


2



Cruthaigh cur i láthair faoi na scileanna a d'fhoghlaim tú agus tú ag déanamh an tionscadail seo, nó ó bheith ag labhairt le comharsa nó le ball teaghlaigh agus conas a chabhróidh sé sin leat sa seomra ranga innealtóireachta




Cruthaigh ionadaíocht 3T (ag baint úsáid as aon mheán) de do thionscadal, ag moladh roinnt feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh



Déan sceitsí mionsonraithe den tionscadal agus conas a cuireadh le chéile é agus an méid atá foghlamtha agat ón bpróiseas seo

3




Ag baint úsáid as na scileanna nua atá foghlamtha agat, cruthaigh plean chun an réiteach feabhsaithe a mhonarú ag baint úsáid as ábhair agus as próisis a d'aithin tú

Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint nó a d'aithin tú a chabhródh leis na Príomhscileanna a bhfuil an acmhainn seo dírithe orthu? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhródh leis na Torthaí Foghlama sin

# 1 Agallamh le Comharsana nó le Teaghlach

Cabhróidh 'Mo Threoir Dhearaidh' leat na ceisteanna cearta le cur a aimsiú




Ní bheidh na ceisteanna go léir in 'Mo Threoir Dhearaidh' ach d'fhéadfadh sé tú a spreagadh le do cheisteanna a cruthú.





Tá go leor ceisteanna ag gach Rannóg do gach céim den phróiseas deartha. Seo roinnt samplaí:

- Cén fáth a bhfuil sé deartha agus déanta ar an mbealach seo?
- Cad iad na hábhair agus na hacmhainní a bhí ar fáil?
- Cad iad na scileanna atá ag teastáil chun an tionscadal a chruthú?
- Ar roghnaigh mé an bealach is fear chun na hábhair a phróiseáil?



### Teicnící Éifeachtacha Agallaimh

- Déan do chuid taighde: bíodh a fhios agat beagán faoin tionscadal sula dtosóidh tú
- Bí ullamh: bíodh do cheisteanna roghnaithe agus réidh agat le cur ar an duine
- Éist: ná léim isteach ró-tapa leis an gcéad cheist eile, bíonn am de dhíth ar dhuine le smaoineamh uaireanta



### Conas a d'fhéadfá agallamh ar bhonn scaradh fisiceach a dhéanamh?

- Ar an bhfón
- Súmáil
- Seomra Ranga Google
- Foirne
- Na ceisteanna a sheoladh agus a iarraidh orthu an freagra a scríobh

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

2

# Cuir i láthair á nDéanamh

**Conas is féidir liom Cur i láthair a dhéanamh?**

Is féidir cuir i láthair a dhéanamh ar go leor bealaí éagsúla:

- Blaganna / Vlaganna
- Póstaeir
- Cumhacht-Phointe
- Cur i láthair ó bhéal
- Colláisí

*Níl an liosta seo uileghabhálach

Déan cliceáil nó scanadh ar na cóid MF

**Cad é atá le déanamh sa Chur i láthair?**

- Ní mór do chur i láthair eolas a thabhairt go soiléir faoin ábhar a roghnaigh tú
- Ba chóir pictiúir nó sceitsí a bheith ann chun do chuid smaointe a léiriú
- Cuir i láthair/taispeáin/mínigh faoin gcaoi a bhfuair tú ó phointe amháin go pointe eile
- Taispeáin conas is féidir leat úsáid bhaint as an méid atá foghlamtha agat amach anseo

**Faigh an cur chuige is fearr sa chur i láthair a oirfidh duit féin agus do do scileanna**



**Leideanna maidir leis an gcur i láthair:**

- Bí cinnte go ndeanfaidh tú an méid atá foghlamtha agat ábhartha don seomra ranga Innealtóireachta
- Cad iad na scileanna atá foghlamtha agat is féidir leat a thabhairt ar ais i do chleachtas sa seomra ranga: ábhair a choinneáil, ábhair a ghearradh, roghnú ábhar, mar shampla.



**Cén Teicneolaíocht Dhigiteach a d'fhéadfá a úsáid chun an cur i láthair a dhéanamh?**

- Sleamhnáin PowerPoint / Google / Keynote
- Coggle
- Póstaer déanta as Colláis (canva / fótacolláis)
- Audacity
- Taifeadán teileafóin agus eagarthóir físe

**Nóta do Mhúinteoirí:**

Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

3

# Táirgí a Dhéanamh Bunaithe ar Thorthaí


**Naisc a Dhéanamh**

- Cad iad na próisis nua atá foghlamtha agam?
- Cad iad na húsáidí nua ábhair a fhoghlaim mé fúthu?
- Cad iad na meaisíní nua ar fhoghlaim mé conas iad a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach?

❖ An bhfuil siad seo ar fáil le húsáid sa seomra Innealtóireachta?
❖ An bhfuil gach rud agam atá ag teastáil uaim chun na táirgí seo a dhéanamh go héifeachtach sa seomra Innealtóireachta?
❖ Conas is féidir liom a thaispeáint don mhúinteoir go bhfuil mé in ann na scileanna nua seo a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte?

**Ceisteanna tábhachtacha le cur orm féin**

- Cad atá ar eolas agam anois agus conas is féidir liom é a úsáid?
- Cad é an smaoineamh dearaidh? (sceitsí / líníochtaí oibre)
- Ar roghnaigh mé na hábhair chearta?
- Ar roghnaigh mé an bealach is fearr chun an táirge a chur le chéile?
- An bhfuil na scileanna agam is gá chun an táirge a dhéanamh?
- An bhfuil go leor ama agam chun an táirge a dhéanamh?
- An bhfuilim ag obair go sábháilte?




Rochtain ar Mo Threoir Dhearaidh

## Eolas ábhartha a úsáid chun cur leis na scileanna nua a foghlaimíodh



- Agus táirgí nua á ndéanamh ní mór dúinn cuimhneamh ar na scileanna seanbhunaithe atá againn freisin. Nuair a bhainimid úsáid astu sin cuidíonn sé linn éirí níos fearr ina gceann agus cuma níos fearr a chur ar an táirge seachas a bheith ag maíomh as ár gcuid scileanna nua nach bhfuil máistreacht againn orthu go fóill
- Tá marcáil amach, comhdú, gearradh agus bailchríochnú an-tábhachtach agus ba cheart iad a chleachtadh agus a fheabhsú i gcónaí

## Roinnt príomhphointí le cuimhneamh orthu



- Déan plean do gach céim den tionscadal
- Déan iarracht cloí chomh dlúth agus is féidir leis an bplean
- Tabhair am sa bhreis do rudaí a rachaidh rófhada
- Cén chaoi a bhfuil tú ag dul a chur bailchríoch ar an táirge?
- An bhfuil ábhair nó gnéithe bailchríche is gá duit a fháil nach bhfuil sa seomra? Conas a dhéanfaidh tú é sin?

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Is moltaí iad seo thuas ar eispéiris foghlama fhéideartha a fhorbróidh tuiscint scoláirí ar thábhacht na cumarsáide san Innealtóireacht. Is féidir na tascanna molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais agus comhthéacs a gcuid scoláirí, a chur san áireamh agus na torthaí foghlama agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a roghnú a chabhróidh lena gcuid foghlama. Agus iad i mbun pleanála, ba chóir do mhúinteoirí a aithint freisin go mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí a bheith ag foghlaim ón mbaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, b'fhéidir gur ghá athstruchtúr a chur ar ghnáis mheasúnaithe agus tuairiscithe chun an cúinse sin a chur in iúl.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Gníomhaíochtaí **Innealtóireachta** na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí ranga don seomra ranga atá scartha go fisiciúil sa scoilbhliain 2020 /2021

Dearadh agus comhthiomsaíodh na hacmhainní seo mar fhreagairt ar 'Filleadh ar scoil - Treoir maidir le cláir foghlama agus scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile' agus díríodh iontu ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí: Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin ón 'gCreat don tSraith Sóisearach 2015'.

Níl sna gníomhaíochtaí seo ach roinnt tascanna féideartha atáthar a mholadh agus a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh chun tabhairt faoi na Príomhscileanna sin sa seomra ranga Innealtóireacta.

Ón aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus ar a gcomhthéacs, ba chóir go mbeadh a fhios acu cad iad na gníomhaíochtaí ab fhearr a mheallfadh a gcuid scoláirí.